**An Bhruiséil, 13 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7307/26**
**ADD 1**

**POLCOM 99**
**COMER 40**
**DELACT 49**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1460 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún<br>lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1460 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 1460 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.3.2026
C(2026) 1460 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún**

**lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/287 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

# IARSCRÍBHINN

**'An Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile**

| | |
|---|---|
| Dáta cur i bhfeidhm | 04/10/2025 |
| Sásraí eile | |
| Forálacha atá sa Chomhaontú | Iarscríbhinn XV – E<br>Airteagal 2 – Caighdeáin táirgthe<br><br>'1. Déanfaidh an Mholdóiv a reachtaíocht a ailíniú le reachtaíocht an Aontais atá liostaithe i bhFoscríbhinn B a ghabhann leis an Iarscríbhinn seo faoin 31 Nollaig 2027.'<br><br>'5. Más rud é, d'ainneoin mhír 4, nach féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid go bhfuil oibleagáid na Moldóive faoi mhír 1 comhlíonta aici, féadfaidh an tAontas na fabhair uile, nó cuid díobh, a dheonaítear de bhun Airteagal 1 le haghaidh táirgí ábhartha a chur ar fionraí. Tabharfaidh an tAontas fógra don Mholdóiv, gan mhoill, ina leagfar amach an rún atá aige fabhair a chur ar fionraí. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an bhfionraí tráth nach luaithe ná 30 lá tar éis an dáta a thugtar an fógra don Mholdóiv.<br><br>6. Arna iarraidh sin don Mholdóiv agus tar éis faisnéis nua a thabhairt, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chomhlíontacht na Moldóive le mír 1 maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais. Ní mhairfidh an t-athbhreithniú níos faide ná 4 seachtaine agus féadfaidh comhairliúcháin idir na Páirtithe a bheith i gceist leis. Má thagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil oibleagáid na Moldóive faoi mhír 1 comhlíonta aici, déanfaidh an tAontas an chuid de na fabhair faoi Airteagal 1 a cuireadh ar fionraí a athbhunú laistigh de 2 mhí.<br><br>Airteagal 3 – Bearta coimirce<br><br>'1. Más rud é gur tháinig deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha, sochaíocha nó comhshaoil de chineál earnála nó réigiúnach, ar dócha go leanfaidh siad ar aghaidh, chun cinn nó má tá baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn, i gcás ceachtar den dá Páirtí, lena n-áirítear i gcás an Aontais i mBallstát amháin nó níos mó, mar thoradh ar allmhairí táirge a chumhdaítear leis an léirscaoileadh breise faoi Airteagal 1, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann bearta coimirce iomchuí a dhéanamh i leith na bhfabhar a dheonaítear faoi Airteagal 1.<br><br>2. Tabharfaidh an Páirtí lena mbaineann fógra don Pháirtí eile, gan mhoill, go bhfuil sé beartaithe aige bearta coimirce a dhéanamh agus soláthróidh sé gach faisnéis ábhartha. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán láithreach d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach.<br><br>3. Ní fhéadfaidh an Páirtí lena mbaineann bearta coimirce a dhéanamh go dtí go mbeidh mí amháin istigh ó dháta an fhógra faoi mhír 2, ach amháin má thugtar i gcrích an nós imeachta comhairliúcháin faoi mhír 2 sula rachaidh an teorainn ama a shonraítear in éag. I gcás nach féidir réamhscrúdú a dhéanamh de bharr imthosca eisceachtúla a éilíonn gníomh láithreach, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann na bearta coimirce is gá a chur i bhfeidhm láithreach chun an staid a leigheas.' |

'